# An Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta

Eochairfhocail: puiteach, treabhadóireacht, cúrsaí sábháilteachta, na meáin shóisialta, ardán, athruithe, na fórsaí cosanta

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh agus léitheoireacht.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén saghas feirmeora a bhí sa chailín a labhair ag tús na míre nuachta?
2. Cén t-imeacht a bhí ar siúl ag na feirmeoirí lena gcuid capall ar imeall an Chomórtais?
3. Céard í an obair thábhachtach atá ar siúl ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta?
4. An bhfuil suim ag na daoine óga atá ag an gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta i gcúrsaí sábháilteachta, dar le John Joe Mac Gearailt?
5. Cén grúpa lena mbaineann an Leifteanant Fiachra Potts?
6. Luaigh cúis amháin a dtaitníonn sé leis an mbuacaill óg a labhair sa mhír nuachta teacht go dtí an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta gach bliain?
7. Céard é an t-ardán sna meáin shóisialta a bhfuil an-tóir ag feirmeoirí óga air, dar leis an tuairisceoir, Sinéad Ní Neachtain?
8. Cén seanfhocal a úsáideann Sinéad Ní Neachtain ag deireadh na míre nuachta?
9. Cén contae ina bhfuil an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta ar siúl i mbliana?
10. Ar mhaith leat dul chuig an gComórtas Náisúnta Treabhadóireachta? Cén fáth?

Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

**Críochnaigh an seanfhocal**

| | |
|---|---|
| 1. Mol an óige agus | A. leath na hoibre |
| 2. Is binn béal | B. is maith leis na cnámha síneadh |
| 3. Is maith an t-anlann | C. bainfidh tú san fhómhar |
| 4. Tús maith | D. ina thost |
| 5. Giorraíonn beirt | E. i bhfad uainn |
| 6. Is glas iad na cnoic | F. ach seal |
| 7. Cleachtadh a dhéanann | G. an t-ocras |
| 8. Nuair a bhíonn an bolg lán | H. an aimsir |
| 9. Aithníonn ciaróg | I. máistreacht |
| 10. Is fearr go déanach ná | J. tiocfaidh sí |
| 11. Is maith an scéalaí | K. gan locht |
| 12. Is fearr an tsláinte ná | L. go brách |
| 13. Má chuireann tú san earrach | M. na táinte |
| 14. Ní bhíonn saoi | N. bóthar |
| 15. Ní mhaireann aon rud | O. ciaróg eile |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | | | | |

Foghlaim TG4

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: abairtí a chumadh

**Cuir na focail seo a leanas in abairtí. Bíodh an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta mar chroí-ábhar gach abairte.**

- ag treabhadh
- saol na bhfeirmeoirí
- pubaill
- ag bearradh
- puiteach
- atmaisféar beomhar, bríomhar agus fuinniúil
- na meáin shóisialta
- imeachtaí éagsúla
- na fórsaí cosanta
- comhlachtaí
- tarracóir
- na meáin chumarsáide
- buaiteoir na bliana seo
- ardchaighdeán
- iarrthóirí don toghchán uachtaránachta
- críoch

Freagraí

1. Feirmeoir mairteola
2. Treabhadóireacht
3. Tá béim á cur ar chúrsaí sábháilteachta d'fheirmeoirí óga agus d'fheirmeoirí níos sine
4. Tá
5. Óglaigh na hÉireann
6. Lá saor ón scoil
7. Tik Tok
8. Briseann an dúchas trí shúile an chait
9. Contae Uíbh Fhailí

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| J | D | G | A | N | E | I | B | O | L | H | M | C | K | F |



Foghlaim TG4